

Fógra Príobháideachais CRF

San fhógra príobháideachais seo insítear duit cad leis is féidir leat a bheith ag súil go ndéanfaimid le do chuid sonraí pearsanta nuair a dhéanann tú teagmháil linn nó má úsáideann tú ár seirbhísí. Inseoidh an fógra duit:

- cén fáth a bhfuilimid ábalta do chuid faisnéise a phróiseáil;
- cad é cuspóir na próiseála seo;
- más amhlaidh go gcaithfidh tú í a sholáthar dúinn;
- cén fhad a stórálfaimid í
- má tá faighteoirí eile ann de do chuid faisnéise pearsanta; agus
- má tá sé i gceist againn í a chur ar aghaidh go dtí tír eile.

Tóg roinnt ama, le do thoil, chun an fógra seo a léamh go cúramach. Má bhíonn aon cheist agat maidir le conas a úsáidimid do chuid faisnéise, déan teagmháil lenár nOifigeach Cosanta Sonraí. Tá na sonraí teagmhála le fáil thíos.

Cé muid féin

Is éard atá sa Choimisiún um Rialáil Fónais (CRF) ná rialtóir neamhspleách fuinnimh & uisce na hÉireann a bhfuil réimse feidhmeanna eacnamaíocha aige chomh maith le feidhmeanna sábháilteachta fuinnimh agus cúraim chustaiméirí.

Feidhmíonn an CRF mar rialaitheoir sonraí maidir le sonraí a choimeádtar fút chun críche an dlí um chosaint sonraí, i.e. dlíthe um chosaint sonraí an AE agus dlíthe náisiúnta a bhaineann le hábhar, rialacháin agus treoirlínte, lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018.

Cén fáth a mbailimid faisnéis fút

Chun a chuid feidhmeanna a bhaint amach, is gá don CRF faisnéis phearsanta a bhailiú agus a úsáid faoi na daoine a bhíonn i dteagmháil linn.

Tagann an chuid is mó den fhaisnéis phearsanta a phróiseálaimid go díreach uait as ceann amháin de na cúiseanna seo a leanas;

- Réiteach gearáin (is féidir le custaiméirí fónais dul i dteagmháil le Cúram Custaiméirí CRF chun cabhair a fháil maidir le gearáin le soláthraithe nó oibritheoirí líonra a réiteach);
- Iarratais ar fhaisnéis nó ceisteanna;
- Clárú ar ár suíomh gréasáin le haghaidh nuashonruithe a fháil ó CRF;
- Rochtain phoiblí ar fhaisnéis faoi Shaoráil Faisnéise/faoi AIE/faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí;
- Freagairt a thabhairt ar Chomhairliúcháin CRF;
- Trí bheith i láthair ag éisteacht phoiblí a rinneamar;
- Gearáin a fuarthas maidir le sábháilteacht Gáis Nádúrtha Comhbhrúite;
- Gníomhaíochtaí an Chomhlachta um Mhaoirseacht Sábháilteachta (Safe Electric agus RGII¹) (iarratais ar fhaisnéis ón bpobal; achomhairc; gearáin; gníomhaíocht neamhdhleathach agus forfheidhmiú; iniúchadh agus imscrúdú ar chigirí den Chomhlacht um Mhaoirseacht Sábháilteachta;

¹ RGII (Clár Shuiteáilaithe Gáis na hÉireann); Safe Electric - RECI (Clár Chonraitheoirí Leictreachais na hÉireann).

- Gníomhaíochtaí soláthair phoiblí (forthairgeoirí, soláthraithe agus soláthraithe seirbhísí);
- Gníomhaíochtaí ceadúnais (iarratais ar Cheadúnú, Comhthoilithe, Teastasú & Clárú); agus
- Nochtadh Cosanta do Choimisinéirí CRF

Bailítear an fhaisnéis seo nuair a dhéanann tú teagmháil linn le hiarratas; trí foirmeacha a chomhlánann tú, nuair a thugann tú faisnéis dúinn ó bhéal nó i scríbhinn nó nuair a thugann tú cuairt ar oifigí CRF.

Faighimid faisnéis phearsanta go hindíreach freisin. De ghnáth faightear an fhaisnéis seo ó na heintitis a ndéanaimid rialú orthu nó a ainmnímid agus d'fhéadfadh sé tarlú sna cásanna seo a leanas:

- Déanann Cúram Custaiméirí CRF teagmháil le soláthraí fuinnimh nó le hoibritheoir líonra ar do shon agus tugann sé faisnéis phearsanta fút nuair a fhreagraíonn sé dúinn;
- Monatóireacht a dhéanamh ar an margadh miondíola agus gníomhaíochtaí tuairiscithe;
- Iniúchtaí a dhéanamh ar sholáthraithe fuinnimh nó ar Uisce Éireann;
- Measúnú ar iarratais le haghaidh Aitheantais Cháilíochtaí Gairmiúla an AE (Suiteálaithe Gáis & Conraitheoirí Leictreachais);
- Gníomhaíochtaí an Chomhlachta um Mhaoirseacht Sábháilteachta Fuinnimh (Safe Electric agus Scéim RGII)
- Gníomhaíochtaí an Chomhlachta um Maoirseacht Sábháilteachta Fuinnimh (Safe Electric agus Scéim RGII). Áirítear leis seo iarratais, bainistiú cláraithe, teastais críochnaithe, Fógraí Guaise agus Fógraí faoi Ghuais a d'fhéadfadh tarlú, Fógraí Éigeandála, iniúchadh agus imscrúdú ar REC/RGI, gearáin, imscrúduithe, athruithe conraitheora nó suiteálaí, imeachtaí araíonachta agus iarratais ón bpobal ar fhaisnéis;
- Teagmhais agus imscrúduithe faoin gCreat Sábháilteachta Gáis (Gás Nádúrtha agus GPL); nó
- Tugann fostaí CRF do chuid sonraí teagmhála dúinn mar theagmháil éigeandála nó mar mholtóir.

An fhaisnéis a phróiseálaimid fút

Catagóirí Sonraí Pearsanta	Cineálacha Sonraí Pearsanta
Céannacht	Ainm, sloine, teideal, agus faisnéis eile aitheantais a chuir tú ar fáil Mionsonraí a fhágtar i nglórphoist nó i dtaifid teileafóin chuig Cúram Custaiméirí mar aon le taifeadtaí de na comhráite seo Na sonraí a chuireann tú ar fáil má shíníonn tú isteach in oifigí CRF.
Faisnéis theagmhála	Seoladh, seoladh ríomhphoist, uimhir ghutháin.
Ionadaithe údaráithe	Mionsonraí ainmnithe, seicadóirí, iad siúd a bhfuil cumhacht aturnae acu nó ionadaithe údaráithe eile
Sonraí Custaiméara Fuinnimh nó Uisce	Uimhir Thagartha Gearáin sannta ag Soláthróir nó Oibritheoir Líonra, Uimhir Chuntais agus Stair, Uimhir Mhéadair (MPRN / GPRN / WPRN) agus mionsonraí maidir le idiú fuinnimh/uisce, Cineál gearáin agus céimeanna chun é a réiteach, Mionsonraí i dtaifid teileafóin

	chuíg Cúram Custaiméirí, Stádas custaiméara leochailigh.
Sonraí forthairgeora	Mionsonraí foirne ar CV cosúil le cáilíochtaí agus taithí oibre; grianghraif má cuireadh ar fáil i ndoiciméid tairisceana iad
Sonraí soláthróra	Sonraí teagmhála, mionsonraí bainc, mionsonraí CBL agus faisnéis imréitigh chánach
Sonraí páirtithe leasmhara	Faisnéis teagmhála, ról, miontuairiscí cruinnithe / nótaí
Mionsonraí iarrthóra ar Cheadúnas & údararú	Faisnéis teagmhála, ainmneacha stiúrtóirí comhlachta, an duine atá freagrach as tógáil / Innealtóir.
Sonraí Margaidh comhroinnte idir Soláthraithe Fónais nó Oibrítheoirí Lionra chun críche monatóireachta margaidh, iniúchtaí a dhéanamh ar sholáthróirí nó cinnteoireacht i CRF	<p>Sonraí ón margadh miondíola ollfhuinnimh maidir le malartú custaiméirí, athidirbheartaíocht, praghsanna, leibhéal lascaine, dícheangail, custaiméirí leochaileacha, fearais 'íoctar mar a úsáidtear' agus nótaí fiacha</p> <p>Sonraí ollmhéadar MPRN / GPRN custaiméara fuinnimh a bhaineann le dícheangal</p> <p>D'fhéadfaí sonraí margaidh bhreise a phríoiseáil ar bhonn cás ar chás i gcomhthéacs chomhlíonadh na gCód Cleachtais sna comhlachtaí a ndéanaimid rialáil orthu.</p> <p>Custaiméir Uisce Éireann ollsonraí méadair WPRN le haghaidh anailíse.</p>
Baill den Scéim Safe Electric (RECI) nó iarratasóirí ar an scéim	<p>Faisnéis teagmhála, cáipéisí a bhaineann le cúlra oideachasúil agus fostaíochta, lena n-áirítear céannacht, cáilíochtaí gairmiúla, mionsonraí árachais, scileanna / oiiúint a rinneadh agus sonraí maidir le fostaíocht roimhe sin.</p> <p>Sonraí maidir le hiniúchtaí agus imscrúduithe, gearáin, imscrúduithe, athruithe conraitheora nó suiteálaí, imeachtaí araíonachta agus teastais chríochnaithe.</p>
Iarratas ar Aitheantas le haghaidh Cáilíochtaí Gairmiúla AE (Suiteálaithe Gáis & Conraitheoirí Leictreachais)	Náisiúntacht, cruthúnas incháilitheachta chun obair sa tír ina bhfuarthas na cáilíochtaí, Sonraí clárúcháin / ceadúnais lena n-áirítear fianaise doiciméadaithe deimhnithe ó chomhlacht rialacháin / údarás inniúil; Sonraí na gcáilíochtaí gairmiúla a bhaineann le hábhar agus tras-scríbhinní / teastais san áireamh; Sonraí maidir le taithí gairmiúil lena n-áirítear cruthúnas de na torthaí foghlama;

	Teistiméireachtaí ó fhostóirí agus ó mhaoirseoirí agus cruthúnas maidir le hobair a cuireadh i gcrích.
Suiteálaithe Gáis & Conraitheoirí Leictreachais neamhchláraithe (nuair a fuarthas gearán)	Comhaid fiosrúcháin agus gníomhaíochtaí forfheidhmithe, faisnéis theagmhála, céannacht, ráitis maidir le líomhaintí faoi obair gáis agus leictreachais neamhdhleathach, cúlra fostaíochta agus cáilíochtaí gairmiúla
Sonraí chigirí Safe Electric nó RGII (nuair a dhéantar imscrúdú nó iniúchadh)	Ainm, faisnéis teagmhála, uimhir theagmhála, cúlra fostaíochta, cáilíochtaí gairmiúla
Sonraí pearsanta a bhaineann le Teagmhais & Fiosrúcháin² faoin gCreat um Sháibhálteacht Gáis	Faisnéis teagmhála, saghas teagmhais, eolas maidir le gortú, stádas sláinte an íospartaigh, tuairisc fhiosrúcháin
Sonraí maidir le Nochtadh Cosanta	Faisnéis teagmhála, eagraíocht, ról
Staitisticí maidir le húsáideoir suímh gréasáin (Anailíseacht Google)	Áit, am, dáta agus sonraí do chuairte ar ár suíomh gréasáin (mar staitisticí anaithnid)
Faisnéis phearsanta eile	Taifid teileafóin (is iad ár soláthróir cúram custaiméirí seachfhoinsithe a dhéanann na taifeadtaí); íomhánna TCI inár n-oifigí; Faisnéis a bhaineann le Saoráil Faisnéise / AIE / iarratais maidir le cosaint Sonraí (lena n-áirítear cruthúnas céannachta más gá); Freagairtí ar shuirbhéanna CRF

Tabhair do d'aire, le do thoil: Ní iarrann an CRF ná níl gá aige le sonraí pearsanta a bhaineann le leanaí, le stádas sláinte, i.e. ciontuithe coiriúla ná aon chatagóir speisialta eile / faisnéis íogair nuair a bhímid i mbun gnó leis an bpobal, mar shampla chun gearáin a bhaineann le cúrsaí fuinneamh a réiteach.

An fáth a úsáidimid do chuid faisnéise

Tá meas iomlán againn ar do cheart i leith príobháideachais agus ní bhaileoidimid ná ní phróiseálfaimid do shonraí pearsanta ach amháin chun na críche seo a leanas (bonn dleathach):

Dul i mbun ár gcuid oibre phoiblí mar rialaitheoir, lena n-áirítear:

1. Dul i dteagmháil leat tríd an bpost, ar an nguthán agus trí ríomhphost.
2. Ionchur agus barúlacha ón bpobal a éascú le linn Comhairliúcháin CRF.
3. Freagairt ar iarratais a théann go dtí Preasoifig CRF.
4. Gearáin ó chustaiméirí a bhaineann le huisce & fuinneamh a réiteach le do sholáthraí fuinnimh, le d'oibrítheoir líonra agus le hUisce Éireann (mar atá leagtha síos faoi I.R. Uimh. 463 de 2011 agus faoi na hAchtanna Seirbhísí Uisce 2013, 2014 & 2017).
5. Faisnéis a chur chugat nó freagairt a dhéanamh ar iarratas maidir leis na seirbhísí a chuireann soláthraithe fuinnimh, oibrítheoirí líonra nó Uisce Éireann ar fáil. (mar atá leagtha síos faoi I.R. Uimh. 463/2011 agus faoi na hAchtanna Seirbhísí Uisce 2013, 2014 & 2017).
6. Próiseáil iarratas ar Cheadúnas chun Leictreachas a Ghiniúint nó Ceadúnas chun Stáisiún Giniúna Leictreachais a thógáil nó a ath-thógáil, nó Ceadúnas chun Leictreachas a Sholáthar

² Curtha ar fáil ag Líonraí Gáis Éireann nó Calor Teoranta nó Flogas Ireland Limited ag brath ar fhoinsé an teagmhais

- (faoi Acht um Rialachán Leictreachais, mír 1999 arna leasú); Ceadúnas chun Gás Nádúrtha a Sholáthar agus a sheoladh (faoi Mír 15 den Acht Gáis 2002, (Eatramhach) (Rialú) arna leasú); Comhthoilíú de bhun mír 48 agus mír 49 den Acht um Rialáil Leictreachais 1999; Deimhniúchán Ardéifeachta CHP (mar atá leagtha amach in I.R. 298, 299 agus 499 de 2009); Ceadúnais Sábháilteachta GPL (de réir mhír 9JE (3) den Acht um Rialáil Leictreachais 1999, arna leasú ag an Acht um Fhuinneamh 2012 (Forálacha Ilghnéitheacha); Ceadúnais Líonra faoi mhír 14 (1) den Acht um Rialáil Leictreachais 1999 & mír 16 (1) den Acht um Ghás 2002; agus REMIT (Rialáil ar Mhacántacht agus Trédhearcacht sa Mhargadh Fuinnimh) Clárú (SI 480 de 2014).
7. Céimeanna chun monatóireacht a dhéanamh ar an margadh fuinnimh miondíola, a chomhlíonann riachtanais a eascraíonn ón 3ú Pacáiste de reachtaíocht Eorpach um fhuinneamh, trasuite sa dlí Éireannach ag I.R. Uimh 450 / 2010 agus I.R. Uimh. 630 / 2011 (clúdaíonn na I.R. leictreachas agus gás faoi seach)
 8. Iniúchtaí a dhéanamh ar sholáthraithe fuinnimh chun comhlíontacht a chinntiú maidir leis an Lámhleabhar do Sholáthraithe Leictreachais agus Gáis (an Lámhleabhar do Sholáthraithe), mar Chód Cleachtais leagtha síos in I.R. 463 de 2011.
 9. Imscrúduithe a chur i gcrích chun a chinntiú go gcomhlíontar na coinníollacha a bhaineann le ceadúnas eisithe faoi mhíreanna (1) (b), (g) nó (h) den Acht Leictreachais 1999, nó míreanna 16(1)(a) nó (b) den Acht Gáis 2002 (eatramhach) (Rialú).
 10. Éisteachtaí poiblí a eagrú nuair atá an CRF sásta go bhfuil cúis mhaith ann éisteacht poiblí a eagrú (mar atá leagtha síos faoi Acht Rialála Leictreachais, 1999 Mír 20 arna leasú).
 11. Achomhairc a éascú a bhaineann le clárú, le gearáin agus le gníomh smachtaithe maidir le hiarratasóirí nó baill de scéimeanna Safe Electric agus RGII. Faisnéis a roinnt maidir le ciontuithe i gcoinne suiteálaithe gáis agus conraitheoirí leictreachais nach bhfuil cláraithe. (Mar atá leagtha síos san Acht um Rialú Leictreachais 1999, leasaithe, agus na Doiciméid Critéir)
 12. Iarratais a phróiseáil maidir le hAitheantas Cáilíochtaí Gairmiúla ón AE le haghaidh suiteáilithe Gáis & Conraitheoirí Leictreachais mar atá leagtha síos sa Treoir ón AE 2013/55/EU agus I.R. No. 8 de 2017.
 13. Monatóireacht agus fiosrúcháin a éascú maidir le Cigirí Safe Electric agus RGII (Mar atá leagtha síos san Acht um Rialú Leictreachais 1999, leasaithe, agus na Doiciméid Critéir).
 14. Fiosrúcháin a dhéanamh i gcás teagmhais a tharlaíonn le gás nádúrtha nó GPL chun an chúis a aithint agus chun moltaí a dhéanamh maidir le teagmhais a sheachaint as sin amach, mar atá riachtanach de réir an Achta Gáis (Leasaithe) 2003 (Alt 2) (Dáileadh) Ordú agus an Achta Fuinnimh (Forálacha Éagsúla) 2012.
 15. Painéal Achomhairc a bhunú mar atá leagtha síos san Acht um Rialú Leictreachais arna leasú.
 16. Freagairt a dhéanamh ar ghearáin sábháilteachta a bhaineann le Gás Nádúrtha Comhbhrúite de réir I.R. Uimh. 647/2018 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Uimh. 2) 2018 (maidir le húsáid a bhaint as bonneagar breoslaí ionadúla)

Téarmaí conartha a chomhlíonadh

1. Soláthraithe seirbhíse a fhostú agus chun earraí agus seirbhísí a sholáthar agus íoc astu.
2. Folúntais a líonadh agus chun fostaithe a fhostú agus iad a íoc.
3. Monatóireacht a dhéanamh ar chomhráití agus iad a thaifeadadh nuair a labhraíonn tú ar an teilefón lenár soláthraí seachfhoinsithe a dhéanann teagmháil le custaiméirí (chun an tseirbhís do chustaiméirí a anailísiú, a mheas agus a fheabhsú, agus chun críche cáilíochta agus oiliúna)

Ár ndualgais dhlíthiúla a chomhlíonadh, mar shampla

1. Tuairisceáin ábhartha a ullmhú le seoladh chuig na húdaráis ábhartha, lena n-áirítear cáin ioncaim, PSWT, CBL3 agus tuairisceáin ioncaim eile.
2. Do chearta faisnéise a chomhlíonadh.
3. Iarratais cheangailteacha a chomhlíonadh a thagann ó chomhlachtaí rialála, mar shampla an Coimisiún um Chosaint Sonraí agus Oifig an Choimisinéara Faisnéise.
4. Nochtadh Cosanta a dhéantar do Choimisinéir sa CRF a éascú mar atá leagtha síos san Acht um Nochtadh Cosanta 2014.
5. Cloí le horduithe cúirte a eascraíonn as imeachtaí coiriúla nó sibhialta.

Nuair atá cead tugtha agat dúinn (is féidir an cead sin a chealú uair ar bith)

Nuair a iarraidimid cead uait, cuirfidimid níos mó faisnéise ar fáil duit faoi conas a bhainfidimid úsáid as do chuid faisnéise ag brath ar an gcead sin. Tabhair do d'aire má tharraingítear siar an cead, níl tionchar aige sin ar phróiseáil shonraí a dhéantar roimh a tarraingíodh siar an cead. Is féidir cead a thabhairt trí:

1. Clárú le haghaidh nuashonraithe a fháil ó CRF.
2. D'íomhá phearsanta a bheith le feiceáil i bhfoilseacháin de chuid CRF.
3. Freastal ar imeacht CRF.
4. Suirbhé CRF a chomhlánú.
5. Úsáid fianán ar shuíomh gréasáin CRF. Baineann CRF úsáid as fianáin atá riachtanach le haghaidh feidhmiúlachta, sábháilteachta agus rochtana suímh gréasáin CRF. Tá siad daingnithe agus ní féidir iad a scrios ná a bhlocáil. Baineann CRF úsáid freisin as fianáin chun críche staitistiúla chun líon na gcuairteanna a chomhaireamh agus chun féachaint trí shonraí anaithnid conas a mbogann siad timpeall ár suíomh gréasáin. Cabhraíonn siad linn feabhas a chur ar fheidhmíocht ár suímh. Socraítear fianáin staitistiúla nuair a dhéanann úsáideoir clliceáil ar "gach fianán".
6. I líon beag de chásanna áirithe, nuair a úsáidimid catagóirí speisialta sonraí nó sonraí íogair.

Chun do leasanna ríthábhachtacha a chosaint

Ó am go chéile, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach go ndéanfaidh CRF próiseáil ar shonraí pearsanta chun leas ríthábhachtach dhuine aonair a chosaint (mar shampla i gcás éigeandála).

Chun ár n-eagraíocht a rith ó lá go lá, lena n-áirítear na rudaí seo a leanas:

- Teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara: faisnéis teagmhála gnó a bhaineann le páirtithe leasmhara (faisnéis phearsanta den saghas a fheictear go minic ar chártaí gnó a d'fhéadfá a úsáid agus tú i mbun gnó) – déantar í a phróiseáil chun críche dlísteanacha gnó.
- Do chuid faisnéise a thiomsú, a phróiseáil chun críche iniúchta, staitistiúla, tuarascála nó taighde (i gcásanna áirithe déantar do chuid sonraí anaithnid) chun go mbeidh tuiscint níos fearr againn ar threochtaí margaidh agus chun faisnéis a sholáthar a d'fhéadfadh cabhrú lenár bhfeidhmeanna rialála.
- Chun ár gcomhlacht, ár gclú, ár n-acmhainní agus ár bhfearas a chosaint agus chun córais líonra CRF a bhainistiú mar aon le faisnéis.
- Slándáil a sholáthar agus coireanna a sheachaint agus a bhrath trí úsáid a bhaint as TCI inár n-áitribh i measc rudaí eile.
- Cúrsaí a bhaineann leis an dlí agus le comhlíonadh a bhainistiú agus a riar.
- Gearáin a dhéantar fúinn a bhainistiú agus freagairt dóibh.
- Feidhmiúlacht agus inúsáidteacht suímh gréasáin CRF a bhainistiú go héifeachtach.

Ní dhéanfaidh CRF do shonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin as an gcúis a bailíodh ar an gcéad dul síos iad, agus ní dhéanfar tuilleadh próiseála orthu ach amháin sna cásanna gnó seo thíos:

- sonraí pearsanta a aistriú go cartlann;
- le linn iniúchtaí nó fiosrúchán inmheánach;
- rialuithe gnó a chur i bhfeidhm;
- anailís staitistiúil nó taighde a dhéanamh mar is cuí;
- ullmhúchán le haghaidh réitigh coimhlinte;
- seirbhísí comhairliúcháin dlí nó gnó a úsáid; nó
- déileáil le cúrsaí árachais.

Fiosrúcháin chun críche forfheidhmithe an dlí

Mar chuid dár bhfeidhmeanna reachtúla, déanaimid daoine aonair agus eagraíochtaí a imscrúdú agus a ionchúiseamh i leith cionta coiriúla líomhnaithe a rinneadh faoin reachtaíocht a rialaímid (áirítear leis sin ionchúisimh i gcoinne suiteálaithe gáis agus chonraitheoirí leictreachais nach bhfuil cláraithe. (Mar atá leagtha síos san Acht um Rialú Leictreachais 1999, arna leasú, agus na Doiciméid Critéir.)

Sonraí a bhaineann le catagóirí speisialta agus coireanna

Mar chuid d'fheidhmeanna reachtúla agus corparáideacha CRF, déanaimid próiseáil ar shonraí i gcatagóirí speisialta agus ar sonraí a bhaineann le ciontuithe coiriúla de réir riachtanais Airteagail 9 agus 10 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus Cuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Tugaimid aird ar chearta agus ar leasanna na n-ábhar sonraí nuair a bhíonn an phróiseáil sonraí sin ar siúl againn.

Próiseálaimid catagóirí speisialta de sonraí pearsanta faoi na hAirteagail RGCS seo a leanas:

- Airteagal 9(2)(b) – nuair atá gá le próiseáil chun dualgais nó cearta a fheidhmiú atá forchurtha de réir an dlí ar CRF nó ar an ábhar sonraí maidir le fostaíocht, le leas sóisialta nó le coimirce shóisialta.
- Airteagal 9(2)(g) – cúiseanna tábhachtacha don leas poiblí. Baineann seo leis na sonraí a fhaighimid chun ár bhfeidhm mar rialaitheoir a chomhlíonadh. D'fhéadfadh sé gur faisnéis í seo a chuirtear chugainn mar chuid de ghearán nó d'imscrúdú.
- Airteagal 9(2)(f) – chun éilimh dhleathacha a bhunú, a fhorfheidhmiú nó a chosaint.
- Airteagal 9(2)(c) – nuair is gá le próiseáil chun leasa ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine nádúrtha eile a chosaint.
- Airteagal 9(2)(a) – thoiliú sainráite.

Próiseálaimid sonraí a bhaineann le cionta de réir Cuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, más gá, mar 'údarás inniúil' agus tá cumhachtaí reachtúla againn maidir le fiosrúchán a dhéanamh i leith coireanna, cosc a chuir orthu, iad a bhrath nó ionchúiseamh a dhéanamh i gcomhthéacs cion coiriúil nó pionós coiriúil.

Cé leis a roinnimid do chuid faisnéise

Ní roinnimid do chuid faisnéise ach amháin más gá é sin a dhéanamh. Ní roinnimid do chuid faisnéise le tríú páirtithe chun margaíocht dhíreach a dhéanamh. D'fhéadfaí go roinnfear faisnéis sna cúinsí seo agus leis na heagraíochtaí seo a leanas.

Freagairtí comhairliúcháin foilsithe ar shuíomh gréasáin CRF

- Ó mhí Bhealtaine 2018, nuair a dhéanann tú freagairt ar Pháipéar Comhairliúcháin de chuid CRF, ní fhoilseofar do sonraí pearsanta mura n-iarrann tú orainn go sonrach é sin a dhéanamh (níl freagairtí tionscail san áireamh anseo). Nuair a iarrtar é, foilseofar na sonraí

seo ar shuíomh gréasáin CRF mar chuid den chomhroinnt thrédhearcach a chabhraíonn le cinnteoireacht CRF.

Na hionadaithe údaraithe atá agat

- Áirítear leis seo d'aturnae, d'ionadaí (faoi Chumhacht Aturnae) nó aon pháirtí eile a thugann tú údarás dó do chuid faisnéise pearsanta a fháil.

Nochtadh do thríú páirtithe

- D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh gá do chuid faisnéise pearsanta a roinnt le soláthraithe fóntais nó oibritheoirí fóntais chun tacú le próiseáil éifeachtach d'iarraíais nó do ghearáin.
- Ós rud é go bhféadfaí go roinnfear, le tríú páirtithe ábhartha, faisnéis theagmhála gnó a bhaineann le páirtithe leasmhara, d'fhéadfaí a bheith ag súil go réasúnta nach mbainfidh an tríú páirtí úsáid as a leithéid d'fhaisnéis ach amháin chun teagmháil a dhéanamh leat chun críche gnó dlisteanach a bhaineann le do fhreagrachtaí gnó.
- Más gá, roinnimid sonraí ball de nó iarratasóirí ar Scéimeanna Safe Electric nó RGII (nó suiteáilithe gáis agus conraitheoirí leictreachais neamhchláraithe) le Safe Electric nó RGII nuair atá achomhairc cláraithe, gearáin, gníomhaíocht neamhdhleathach, fiosrúcháin smachtaithe agus forfheidhmiú i gceist.
- Más gá, comhroinnimid sonraí ball de nó iarratasóirí ar Scéimeanna Safe Electric nó RGII le Safe Electric nó RGII agus le baill eile d'éisteachtaí smachtaithe.
- Más gá, comhroinnimid sonraí iarratasóirí ar Aitheantas Cáilíochtaí Gairmiúla an AE le haghaidh Suiteáilithe Gáis & Conraitheoirí Leictreachais le Safe Electric nó GRII, agus eagraíochtaí ar thug iarratasóirí a gcuid sonraí dúinn, mar shampla údaráis inniúla agus soláthraithe oiliúna. Nuair is gá comhroinnfidimid na sonraí seo le baill painéil atá ag déanamh measúnaithe ar iarraíais.
- Nuair is gá, comhroinnimid do chuid faisnéise pearsanta leis an nGarda Síochána agus le gníomhaireachtaí forfheidhmithe an dlí chun cuidiú le brathadóireacht, fiosrúcháin, cosc a chur ar choireanna agus iad a ionchúiseamh.
- Comhroinnimid sonraí Teagmhais & Fiosrúcháin gáis nádúrtha nó GPL le Líonraí Gáis Éireann, Flogas agus Calor Gas (mar chuid dár riachtanais dhlíthiúla) agus leis an Scéim RGII, an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, le Comhlachas GPL na hÉireann, leis na seirbhísí dóiteáin agus leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta chun imscrúduithe a éascú / eolas a chomhroinnt, agus chun go tras-seolfar, go ndáilfear agus go n-úsáidfear gás nádúrtha agus GPL go sábháilte in Éirinn.
- Bailítear sonraí forthairgeora [via www.etenders.gov.ie](http://www.etenders.gov.ie) Is ardán forthairgeora leictreonach Rialtas na hÉireann é eTenders atá á riar ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Soláthraithe Seirbhísí Tríú Páirtí

Bainimid úsáid as próiseálaithe sonraí a chuireann seirbhísí ar fáil dúinn. Tá conarthaí againn lenár bpróiseálaithe sonraí. Ciallaíonn sin nach féidir leo aon rud a dhéanamh le do chuid faisnéise pearsanta gan ordú a fháil uainn. Ní roinnfidh siad do chuid faisnéise pearsanta le heagraíocht ar bith gan ordú a fháil uainn é sin a dhéanamh. Coimeádfaidh siad go sábháilte í don tréimhse a leagaimid síos.

- Is é A.R.I. Services Europe Ltd., (ARISE) ár soláthraí seirbhíse don teagmháil le custaiméirí faoi láthair. Is é ARISE an chéad phointe teagmhála poiblí má tá ceisteanna agus gearáin maidir le soláthraithe fóntais agus oibritheoirí líonra. Roinnimid do chuid faisnéise pearsanta

leo mar is iad ár bpróiseálaí sonraí ionas gur féidir leo an tseirbhís seo a chur ar fáil duit go héifeachtach. D'fhéadfadh sé ndéanfadh ARISE taifead ar do ghlaoch agus na seirbhísí seo á gcur ar fáil acu.

- Scéimeanna Safe Electric agus RGII: Tá na heagraíochtaí seo ainmnithe ag CRF mar Chomhlacht Maoirseachta don Sábháilteacht Leictreachais agus mar Chomhlacht Maoirseachta don Sábháilteacht Gáis faoi seach. Déanann Safe Electric & RGII na sonraí pearsanta go léir a bhaineann le hábhar a phróiseáil maidir le feidhmíocht an róil mar Chomhlacht Maoirseachta don Sábháilteacht thar ceann CRF. Déanann Safe Electric & RGII próiseáil freisin ar shonraí iarratasóirí ar Aitheantas Cáilíochtaí Gairmiúla an AE le haghaidh Suiteáilithe Gáis & Conraitheoirí Leictreachais thar ceann CRF.
- Fostaíonn CRF soláthraithe seirbhíse tríú páirtí eile chun tacaíocht agus cothabháil córais agus oibríochtúil a chur ar fáil. Ina measc tá seirbhísí TFC (CRM agus Bainistiú Cás san áireamh), cothabháil TFC (CRM san áireamh), forbairt bhogearraí, stóráil cháipéisí agus iad a scrios, priontáil, cúiréirí, iniúchóirí agus sainchomhairleoirí lena n-áirítear comhairleoirí dlí.
- Na meáin shóisialta (Twitter, LinkedIn): Úsáidimid soláthraí tríú páirtí, Drury PN faoi láthair, chun ár gcaidreamh ar na meáin shóisialta a bhainistiú. Nuair a dhéanann tú teagmháil le CRF tríd na meáin shóisialta, molaimid duit an fhaisnéis phríobháideachais den árdán sin a léamh. Feiceann CRF na teachtaireachtaí nó na postálacha ar na hardáin mheáin shóisialta seo a chuirtear chuig CRF ach ní dhéantar na sonraí pearsanta atá sna teachtaireachtaí / postálacha a logáil ná a stóráil seachas ar an árdán meáin shóisialta a bhaineann le hábhar, agus ní dhéanann CRF tuilleadh próiseála ar a leithéid de shonraí pearsanta.
- Anailíseacht Suímh Ghréasáin: Nuair a thugann tú cuairt ar www.cru.ie, úsáidimid seirbhís tríú páirtí, Google Analytics, chun faisnéis staitistiúil chaighdeánach a bhailiú mar aon le sonraí phatrúin ár gcuariteoirí. Déanaimid é seo mar shampla, chun líon na gcuariteanna in áiteanna éagsúla den suíomh a fháil amach. Ní phróiseáiltear an fhaisnéis seo ar bhealach a d'fhéadfadh duine a aithint go díreach.
- Síntiúsóirí: Má chláraíonn tú chun nuashonruithe foilsithe a fháil, cuirfead do sheoladh ríomhphoist go huathoibríoch ar bhunachar síntiúsóra CRF ar MailChimp, seirbhís margaíochta ríomhphoist bunaithe sna SAM a chuireann na seirbhísí seo ar fáil do CRF. Tá deimhnithe ag MailChimp go gcomhlíonann sé an Sciath Phríobháideachais AE-SAM. Má díchláraíonn tú ónár nuachtlitir, coimeádfaidh MailChimp do sheoladh ríomhphoist chun a chinntiú nach rachfar i dteagmháil leat arís.
- Iarratais ar fhaisnéis: Nuair is gá, úsáidimid soláthraí tríú páirtí, WeTransfer, chun comhaid a aistriú duit go sábháilte, mar shampla iarratais ar shaoráil sonraí nó rochtain ar shonraí. Stóráilann WeTransfer sonraí uaslódáilte san AE ar feadh 7 lá agus i ndiaidh na tréimhse éaga seo buanscríosfaidh WeTransfer na comhaid uaslódáilte. Ní bheidh teacht ar na comhaid seo a thuilleadh agus ní féidir iad a aisghabháil. Roinneann CRF do sheoladh ríomhphoist le WeTransfer chun an tseirbhís seo a éascú.
- Slándáil Suímh Ghréasáin & feidhmíocht: Úsáidimid feidhmchlár gréasáin balla dóiteáin ó thríú páirtí chun cabhrú le slándáil agus feidhmíocht ár ngréasáin a chothabháil. Cinntíonn an tseirbhís go bhfuil an trácht a thagann go dtí an suíomh ag gníomhú mar a mbeifí ag súil leis agus blocálann sé trácht nach bhfuil ag gníomhú mar a mbeifí ag súil leis. Chun an tseirbhís seo a chur ar fáil, déantar próiseáil ar sheoltaí IP chuariteoirí ar an suíomh.

Comhlachtaí reachtúla agus rialála (rialtas náisiúnta agus áitiúil san áireamh) agus údaráis fhorfheidhmithe an dlí

I gcásanna áirithe, d'fhéadfaimis do shonraí a roinnt, nó ní mór dúinn iad a roinnt, le comhlachtaí reachtúla nó rialála tríú páirtí de réir na Reachtaíochta um Chosaint Sonraí.

D'fhéadfadh sé go mbeadh na cúirteanna i gceist leis seo chomh maith leo siúd atá ceaptha ag na cúirteanna, ag ranna rialtais, ag comhlachtaí reachtúla agus rialála lena n-áirítear: an Coimisiún um

Chosaint Sonraí, Oifig an Choimisinéara Faisnéise, Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an Garda Síochána agus na Coimisinéirí Ioncaim.

Eagraíochtaí a roinneann do chuid faisnéise le CRF

I gcásanna áirithe, ní mór do sholáthraithe fónais nó d'oibritheoirí líonra, aitheantóirí pearsanta áirithe a roinnt le CRF chun ár ról a éascú maidir le gearáin chustaiméara a réiteach, fiosrúcháin a dhéanamh i gcás teagmhais laistigh den Chreat um Shábháilteacht Gáis, monatóireacht a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le cosaint chustaiméara agus comhlíontacht soláthraithe sa mhargadh miondíola. Is é CRF an rialaitheoir sonraí don saghas faisnéise seo nuair a fhaightear ó na heagraíochtaí seo iad.

Cén fhad a choimeádaimid do chuid faisnéise agus conas a choimeádtar go sábháilte í

Coimeádfaimid do chuid faisnéise pearsanta chomh fada is a bhfuil gá leis chun an aidhm ar a bailíodh í a chomhlíonadh, mar atá mínithe thuas agus de réir ár ndualgais dhlíthiúla agus rialála. Braithéann an t-achar ama a choimeádaimid do chuid faisnéise pearsanta ar roinnt fachtóirí, mar shampla:

- An saghas faisnéise a choimeádaimid fút.
- Má tá dualgas dlíthiúil ann an fhaisnéis a choimeád ar feadh tréimhse íosta atá leagtha síos.
- Má tá bunús leasa poiblí ann an fhaisnéis a choimeád ar feadh tréimhse atá leagtha síos.
- Má tá cúis iontaofa ann atá bunaithe ar fhianaise an fhaisnéis a choimeád ar feadh tréimhse atá leagtha síos.

De ghnáth, coimeádaimid, do chuid faisnéise ar feadh tréimhse atá leagtha síos i ndiaidh an dáta a mbíonn deireadh leis an idirghníomhú linn. D'fhéadfadh sé tarlú go gcoimeádfaí roinnt faisnéise ar feadh achar ama atá níos faide ná achar ama d'fhaisnéis eile. Mar shampla:

- Teagmháil le Cúram Custaiméara CRF: Coimeádtar taifeadtaí ar feadh 12 mhí i gcás iarratais ghinearálta / iarratais ar fhaisnéis / iarratais theagmhála nó i gcás gearán simplí custaiméara, agus ar feadh 24 mhí nuair a bhíonn na gearáin chustaiméara sin níos casta.
- Coimeádfar taifid de ghlaonna le Cúram Custaiméara CRF ar feadh 6 mhí.
- I gcás freagairtí comhairliúcháin a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin CRF, fanfaidh siad ann go deo.
- I gcás sonraí pearsanta a phróiseáiltear chun gníomhaíochtaí a dhéanamh faoi na scéimeanna Safe Electric agus RGII, coimeádtar iad ar feadh dhá thréimhse den Scéim Mhaoirseachta um Shábháilteacht ar a mhéad (faoi láthair 7 mbliana an tréimhse).

Nuair a dhéanann tú teagmháil linn maidir le hiarratas nó gearán, d'fhéadfá glaoch gutháin agus/nó ríomhphost a fháil maidir leis sin. Más fearr leat gan a leithéid de chumarsáid a fháil, cuir ar an eolas muid le do thoil.

Oibríonn CRF agus baineann sé úsáid as céimeanna slándála fisiciúla agus teicniúla mar is cuí chun do shonraí pearsanta a chosaint. Tá céimeanna slándála cuí tógtha againn chun do shonraí pearsanta a chosaint ó scrios, ó chaillteanas, ó athrú, ó nochtadh neamhúdraithe nó ó rochtain a d'fhéadfadh tarlú trí thubaiste nó go neamhdhleathach. Ní cheadaítear rochtain ach amháin ar bhonn riachtanas eolais do bhaill foirne a bhfuil ról ina gcaithfidh siad do shonraí pearsanta a phróiseáil

agus, i gcúinsí áirithe, do sholáthraithe seirbhíse tríú páirtí. Ina theannta sin, roghnaítear ár soláthraithe seirbhíse go cúramach chun a chinntiú go bhfuil céimeanna cuí slándála, teicniúla agus eagraíochta i bhfeidhm acu.

Do chuid faisnéise a phróiseáil taobh amuigh den LEE

Tá do chuid faisnéise stóráilte ar chórais shlána laistigh d'áitribh CRF agus le soláthraithe de stóras faisnéise atá sábháilte. D'fhéadfaí go n-aistreoimid nó go ligfimid go n-aistreofaí faisnéis fút go dtí ár soláthraithe seirbhíse agus go dtí eagraíochtaí eile taobh amuigh den Limistéir Eorpach Eacnamaíoch (LEE), ach ní dhéanfimid é sin mura n-aontaíonn siad go ngníomhóidh siad de réir ár dtreoir amháin agus go gcosnóidh siad do chuid faisnéise ar an gcaighdeán céanna atá i bhfeidhm san LEE.

Má aistrímid do shonraí pearsanta go dtí tríú páirtithe taobh amuigh den LEE, tógaimid céimeanna breise de réir an Dlí um Chosaint Sonraí. Cuirfimid i bhfeidhm cosaintí sásúla maidir le do phríobháideachas a chosaint, do chearta bunúsacha agus do shaoirse, agus do chearta a chur i bhfeidhm, m.s. bunóimid leibhéal sásúil de chosaint sonraí trí Chlásail Chonartha Chaighdeánacha an AE bunaithe ar chlásail eiseamláire Choimisiúin an AE.

Do chearta faisnéise a chleachtadh

I measc do cheart faoin dlí um chosaint sonraí d'fhéadfadh go mbeadh na rudaí seo a leanas (más bainteach):

Do cheart	Cad a chiallaíonn sé?	Conas is féidir liom an ceart seo a fheidhmiú?	Coinníollacha?
Ceartha maidir le sonraí pearsanta atá neamhchruinn nó easnamhach	Is féidir leat ceist a chur faoi cé chomh cruinn agus iomlán atá na sonraí pearsanta a phróiseáilimid fút. Má chinntear go bhfuil na sonraí pearsanta neamhchruinn nó easnamhach, tá an ceart agat go mbainfí na sonraí neamhchruinn, go gceartófar iad nó go ndéanfar iomlán iad, más cuí.	Ba chóir iarratas a chur i scríbhinn chuig an Oifigeach um Chosaint Sonraí i CRF ag dataprotection@cru.ie Más féidir, ba chóir duit an fáth a bhfuil na sonraí pearsanta neamhchruinn nó easnamhach a mhíniú.	Baineann an ceart seo leis na sonraí pearsanta a bhaineann leatsa amháin. Má tá an ceart seo á chleachtadh agat, bí chomh cruinn agus is féidir, le do thoil.
Ceart ar rochtain	Faoi réir choinníollacha áirithe, tá tú i dteideal rochtana ar na sonraí pearsanta a bhaineann leat atá againn (de ghnáth tugtar "iarratas ar rochtain ó ábhar sonraí").	Ba chóir iarratas a chur i scríbhinn chuig an Oifigeach um Chosaint Sonraí i CRF ag dataprotection@cru.ie Más féidir, ba chóir duit an saghas faisnéise ar mhaith leat a fheiceáil a shainaithint chun a	Tá sé tábhachtach go mbeimis in ann do chéannacht a dheimhniú. Níor chóir go mbeidh tionchar ag d'iarratas ar chearta agus ar shaoirse daoine eile, e.g. ceartha príobháideachais agus ceartha

		bheith cinnte go bhfuil an fhaisnéis a nochtaimid duit ar an gcaighdeán a mbeifá ag súil leis.	rúndachta fostaithe eile. D'fhéadfadh go mbeadh d'iarratas faoi réir dhíolúintí áirithe; e.g. pribhléid ghairmiúil dlíodóra.
An Ceart cur i gcoinne ár bpróiseáil sonraí nó go mbeadh srian uirthi	Faoi réir coinníollacha áirithe, tá an ceart agat cur i gcoinne ár bpróiseáil de do chuid sonraí nó iarradh orainn srian a chur ar an bpróiseáil sin.	Ba chóir iarratas a chur i scríbhinn chuig an Oifigeach um Chosaint Sonraí i CRF ag dataprotection@cru.ie	Níl feidhm ag an gceart seo ach amháin má tá próiseáil do chuid sonraí riachtanach ar bhonn leasa phoiblí nó dlisteanach. Ní mór go mbeidh agóidí bunaithe ar chúiseanna a bhaineann le do chúinsí áirithe (m.s. ag cruthú damáiste nó anacair) agus ní féidir leo a bheith cineálach sa chaoi go bhféadaimis a léiriú go bhfuil cúiseanna dleathacha ann fós dúinn chun do shonraí pearsanta a phróiseáil.
An ceart go scriosfar sonraí pearsanta	Faoi réir coinníollacha áirithe, tá an ceart agat go scriosfar do shonraí pearsanta as cúiseanna áirithe (tugtar air freisin " <i>an ceart go ndéanfar dearmad ort</i> "), má cheapeann tú go bhfuil an fhaisnéis atá á próiseáil againn neamhchruinn nó neamhdhleathach.	Ba chóir iarratas a chur i scríbhinn chuig an Oifigeach um Chosaint Sonraí i CRF ag dataprotection@cru.ie	Tá cúiseanna éagsúla dlíthiúla ann nach féidir linn do chuid sonraí a scrios, e.g. (i) más gá dúinn ceanglas dlíthiúil a chomhlíonadh, (ii) i gcás éilimh dlíthiúla a fheidhmiú nó a chosaint, nó (iii) má tá tréimhsí coinneála i bhfeidhm de réir an dlí (i.e. mar atá leagtha amach sa reachtaíocht) nó de bhua bheartais coinneála sonraí CRF.
An ceart toiliú a tharraingt siar	Tá an ceart agat do thoiliú a tharraingt siar maidir le haon phróiseáil a bhfuil cead tugtha agat roimhe seo ina leith.	Ba chóir iarratas a chur i scríbhinn chuig an Oifigeach um Chosaint Sonraí i CRF ag dataprotection@cru.ie	Má tharraingíonn tú siar do thoiliú, ní bheidh éifeacht aige sin ach ar an am atá le teacht. Ní bheidh éifeacht aige ar dhlíthúlacht na próiseála a rinneadh roimh duit do thoiliú a tharraingt siar.

An ceart ar iniomparthacht sonraí	Faoi réir choinníollacha áirithe, tá tú i dteideal na sonraí a chuir tú ar fáil dúinn agus a ndéanaimid próiseáil uathoibríoch orthu, tá tú i dteideal iad a fháil i bhformáid choitianta inléite ag meaisín.	Ba chóir iarratas a chur i scríbhinn chuig an Oifigeach um Chosaint Sonraí i CRF ag dataprotection@cru.ie Más féidir, ba chóir duit an saghas faisnéise ar mhaith leat a fháil a shainaithint chun a bheith cinnte go bhfuil an fhaisnéis a nochtaimid duit ar an gcaighdeán a mbeifeá ag súil leis.	Níl feidhm ag an gceart seo ach amháin má tá an phróiseáil bunaithe ar do thoiliú nó ar bhonn an chonartha atá agat agus nuair a dhéantar an phróiseáil trí mhodh uathoibríoch (e.g. ní trí thaifid pháipéir). Ní bhaineann sé ach leis na sonraí pearsanta a “sholáthraigh” tú féin. De ghnáth, ní bhaineann sé le sonraí pearsanta a chruthaigh CRF.
-----------------------------------	---	--	--

Má chuireann tú d'iarratas isteach go leictreonach (ríomhphost mar shampla) cuirfimid an fhaisnéis chuí ar fáil go leictreonach más féidir mura n-iarrann tú a mhalairt orainn.

Ní mór dúinn freagra a thabhairt gan mhoill. De ghnáth, freagróimid laistigh de mhí féilire amháin mura bhfuilimid ábalta déileáil go hiomlán le d'iarratas laistigh de mhí féilire amháin toisc go bhfuil an t-iarratas casta nó de bharr líon ard na n-iarratas. Is féidir leat cabhrú linn freagra thabhairt ar d-iarratas trí mhionsonraí breise a chur isteach a chabhróidh linn do chuid faisnéise a aimsiú – mar shampla, an saghas sonraí pearsanta, dátaí a bhaineann le hábhar nó uimhir thagartha chuí nó na cúinsí ina bhfuair CRF do chuid sonraí pearsanta.

Nóta: I gcásanna áirithe, d'fhéadfaí srian a bheith ar do chearta faisnéise de réir Airteagal 23 RGCS trasuite ag Mír 60 den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Beidh [an fhoirm](#) chomhlánaithe seo ina cabhair dúinn freagra a thabhairt ar d'iarratas chun go mbeidh rochtain agat ar na sonraí pearsanta a bhaineann leat atá á gcoimeád ag CRF. D'fhéadfaí go n-iarrfar ort cruthúnas céannachta a thaispeáint chun a chinntiú nach dtabharfar faisnéis phearsanta don duine mícheart.

Tá an ceart agat gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí nó le húdarás maoirseachta eile.

Is féidir leat dul i dteagmháil leis an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí ag

<https://www.dataprotection.ie/docs/Contact-us/b/11.html>

Guthán: +353 (0)761 104 800 nó Uimhir Íosghlao 1890 252 231
Facs: +353 57 868 4757
R-phost: info@dataprotection.ie
Seoladh poist: Coimisiún um Chosaint Sonraí, 21 Cearnóg Mhic Liam
Baile Átha Cliath 2, D02 RD28 nó
Teach na Canála, Bóthar an Stáisiúin, Cúil an tSúdaire, Co.
Laoise R32 AP23.

Conas dul i dteagmháil linn agus lenár nOifigeach um Chosaint Sonraí

Má bhíonn aon cheist agat faoin bhfógra seo nó faoi do chuid faisnéise pearsanta laistigh de CRF i gcoitinne, lena n-áirítear ceisteanna maidir le rochtain ar do chuid faisnéise pearsanta nó í a cheartú, déan teagmháil lenár nOifigeach um Chosaint Sonraí ag

Ar líne: <https://www.cru.ie/home/about-cru/privacy/>
Guthán: +353 (0)1 4000800
R-phost: dataprotection@cru.ie
Seoladh poist: CRF, Teach an Arbhair, An Malartán, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24, D24 PXW0, Éire

Athruithe don fhógra seo

Déanfaimid an Fógra Príobháideachais a uasdátú ó am go chéile. Cuirfear aon athrú a dhéanfar ar an leathanach gréasáin seo agus, más cuí, seolfaimid r-phost chugat nó cuirfimid ar an eolas tú an chéad uair eile a bhíonn tú i dteagmháil leis an CRF.